**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/652 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20 Márta 2023**

**lena n-údaraítear eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) a chur ar an margadh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas. Ar bhonn an tsainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c) de Rialachán (AE) 2015/2283, meastar gur bia núíosach bia traidisiúnta ó thríú tír.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) An 8 Deireadh Fómhair 2021, chuir an chuideachta Zenko Superfoods Pte. Ltd. ("an t-iarratasóir") fógra faoi bhráid an Choimisiúin go raibh rún aici eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia traidisiúnta ó thríú tír i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na heithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) a úsáid sa riocht sin mar shneaiceanna dírithe ar an bpobal i gcoitinne.

(4) De bhun Airteagal 7(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2468 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar an iarratasóir a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a bhain le bailíocht an fhógra. An fhaisnéis a iarradh, cuireadh isteach í an 9 Feabhra 2022.

(5) Comhlíonann an fógra na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. Léiríonn na sonraí a chuir an t-iarratasóir i láthair go bhfuil stair úsáid an bhia shláin san India ag eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb (makhana) a thomhlaítear sa riocht sin mar shneaiceanna.

(6) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, an 22 Márta 2022 chuir an Coimisiún an fógra bailí ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás").

(7) Maidir le heithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb (makhana) a chur ar an margadh laistigh den Aontas, níor chuir na Ballstáit ná an tÚdarás aon agóid chuí-réasúnaithe i ndáil le sábháilteacht faoi bhráid an Choimisiúin laistigh den tréimhse 4 mhí a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2015/2283.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2468 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena leagtar síos ceanglais riaracháin agus eolaíocha maidir le bianna traidisiúnta ó thríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 55).

(8) An 5 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil uathu dar teideal "*Technical Report on the notification of roasted and popped kernels from the seeds of Euryale ferox Salisb. (makhana) as a traditional food from a third country pursuant to Article 14 of Regulation (EU) 2015/2283*" [Tuarascáil Theicniúil maidir le fógra a thabhairt faoi eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb (makhana) mar bhia traidisiúnta ó thríú tír de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283] ([4]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach údar imní iad na sonraí atá ar fáil maidir le comhdhéanamh agus stair úsáide na n-eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún údarú a thabhairt eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (Makhana) a chur ar an margadh laistigh den Aontas sa riocht sin mar shneaic agus liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(10) Ba cheart eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) a chur san áireamh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Údaraítear eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Déanfar na heithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (Makhana) a chur san áireamh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022:19(9):-7538. https://doi.org/10.2903/sp.efsa.2022.EN-7538.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe):

| “Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise | Ceanglais eile |
|---|---|---|---|---|
| **Eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) (Bia traidisiúnta ó thríú tír)** | *Catagóir bhia shonraithe* | *Uasleibhéil* | Is é ‘síolta rósta ó *Euryale ferox*’ nó ‘síolta rósta makhana (*Euryale ferox*)’ an t-ainmniú a bheidh ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé” | |
| | Cnónna próiseáilte | | | |

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 2 (Sonraíochtaí):

| “Bia Núíosach Údaraithe | Sonraíochtaí |
|---|---|
| **Eithní rósta agus pléasctha ó shíolta *Euryale ferox* Salisb. (makhana) (Bia traidisiúnta ó thríú tír)** | **Tuairisc/Sainmhíniú**<br>Is éard atá sa bhia traidisiúnta eithní rósta agus pléasctha ó shíolta phlandaí úra *Euryale ferox* Salisb. (fine: Nymphaeaceae, dá ngairtear duileog bháite dheilgneach freisin de ghnáth) le tomhailt mar shneaic. Táirgtear an bia traidisiúnta sin trí shraith céimeanna ina ndéantar na síolta a bhailiú, a ní agus thriomú, a róstadh in ola den chéad uair, a fhaghairt ag teochtaí comhthimpeallacha, a róstadh in ola den dara huair chun na heithní a phléascadh, agus na síolta teo a bhualadh ina dhiaidh sin chun na heithní pléasctha a scaoileadh. Tugtar makhana nó cnónna sionnaigh ar an mbia traidisiúnta freisin.<br><br>**Comhdhéanamh cothaitheach tipiciúil:**<br>Saill: 13,0 g/100 g<br>Carbaihiodráití: 75,0 g/100 g<br>Snáithín: 2,5 g/100 g<br>Próitéin: 7 g/100 g<br>Taise (% w/w): < 5,0<br>Luaith: < 0,5 g/100 g<br>**Critéir mhicribhitheolaíochta:**<br>Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: < $10^3$ CFU/g<br>Áireamh iomlán an ghiosta agus an mhúscáin: < 100 CFU/g<br>Enterobacteriaceae iomlán: < 10 CFU/g<br>*Salmonella* spp.: Gan bheith ann in 25 g<br>*Listeria monocytogenes*: Gan bheith ann in 25 g<br>**Miotail throma:**<br>Seiléiniam: ≤ 0,8 mg/kg<br>Copar: ≤ 30,0 mg/kg<br>Luaidhe: ≤ 0,1 mg/kg<br>Arsanaic: ≤ 0,1 mg/kg<br>Caidmiam: ≤ 0,1 mg/kg |

| | |
|---|---|
| | Stán: ≤ 3,5 mg/kg<br>Mearcair: ≤ 0,025 mg/kg<br>**Míceatocsainí:**<br>Aflatocsain B1: ≤ 2,0 µg/kg<br>Suim na n-aflatocsainí B1, B2, G1, agus G2: ≤ 4,0 µg/kg<br>Ócratocsain A: ≤ 1,0 µg/kg<br>Citrinin: ≤ 20,0 µg/kg<br>**Cianatocsainí:**<br>Micricistiní: ≤ 0,0015 mg/kg<br>**Lotnaidicídí:**<br>Lotnaidicídí: ≤ 0,01 mg/kg<br>**Éilleáin phróisis:**<br>Aicriolaimíd: ≤ 40,0 µg/kg<br>Suim na PAHanna: ≤ 10,0 µg/kg<br>Suim na PCBanna de chineál dé-ocsaine: ≤ 0,35 pg/g<br>3-MCPD: ≤ 20,0 µg/kg<br>Eistir aigéid shailligh ghlicidile (arna sloinneadh mar ghliciodól): ≤ 500,0 µg/kg<br>Suim d'eistir aigéid shailligh 3-MCPD agus 3-MCPD: ≤ 750,0 µg/kg<br><br>CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta; PAHanna: Hidreacarbóin Il-timthriallacha Aramatacha; PCBanna: Défheinilí Polaclóirínithe; 3-MCPD: 3-MonaClóraPrópáindé-ól.” |